Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2024/0263(NLE)

24.2.2025

***

DRÉACHTMHOLADH

Ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail Cur Chun Feidhme (2025-2030) a ghabhann leis an bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile)
(COM(2024)0479 – C10-0227/2024 – 2024/0263(NLE))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Emma Fourreau

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 5

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 7

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail Cur Chun Feidhme (2025-2030) a ghabhann leis an bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile
(COM(2024)0479 – C10 0227/2024 – 2024/0263(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (14652/2024),

– ag féachaint don phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de Pháirt, agus rialtas na Graonlainne agus rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (2025-2030 (14781/24),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0227/2024),

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an ...[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus chuig an nGraonlainn agus an Danmhairg, ar an taobh eile.

[1] Téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P10_TA(0000)0000.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ag deireadh 2024, shínigh an Ghraonlainn agus an tAontas Eorpach prótacal cur chun feidhme nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (CCII) (2025-2030). Is comhaontú measctha é lena gceadaítear do shoithí an Aontais speicis amhail trosc, haileabó Graonlannach, péirse mhara nó séacla Artach a iascach. Mar chúiteamh air sin, íocfaidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais EUR 17 296 857 milliún in aghaidh na bliana, lena n-áirítear EUR 14 096 857 i gcearta rochtana agus EUR 3 200 000 a bheidh tiomnaithe do thacaíocht agus do chur chun feidhme bheartas iascaigh na Graonlainne, sa bhreis ar na táillí a íocann longúinéirí. Leis an gcomhaontú iascaigh, ceadaíodh do dheich soitheach de chuid an Aontais oibriú in uiscí na críche uathrialaithí le blianta beaga anuas. Sonraítear sa Phrótacal nua na rialacha agus na forálacha lena rialaítear an rochtain sin.

Iascach sa Ghraonlainn

Is príomhearnáil gníomhaíochta é an t-iascach don Ghraonlainn sa chomhthéacs socheacnamaíoch agus cultúrtha. Is ionann é agus 15 % den fhostaíocht agus níos mó ná 90 % d'onnmhairí na tíre. Is báid bheaga (*báidíní*).den chuid is mó atá i gceist san iascach *cladaigh* Cruthaíonn sé geilleagar agus poist áitiúla. Braitheann go leor pobal iargúlta Ionúiteach ar an iascach leorchothaitheach. Tá cabhlach iascaireachta *amach ón gcósta* forbartha ag an gcríoch freisin agus tá comhaontuithe iascaigh i bhfeidhm aici lena gceadaítear do shoithí eachtracha iascach a dhéanamh sa limistéar *amach ón gcósta.* Tá tionchar ag éifeachtaí an athraithe aeráide ar mhuirthimpeallacht leochaileach an Artaigh ar an iascach sa Ghraonlainn, agus tionchair ar leith ar speicis éisc. Tá bearta i bhfeidhm ag an nGraonlainn chun tionchar an iascaigh ar an muirthimpeallacht a theorannú: toirmeasc aischur, plean bainistíochta foghabhála, etc.

Prótacal nua maidir le CCII a chur chun feidhme

Tá feidhm ag an bprótacal nua a síníodh ar feadh 6 bliana, rud a thugann cobhsaíocht agus infheictheacht do pháirtithe leasmhara. Leagtar síos ann forálacha chun rochtain ar uiscí do shoithí Eorpacha agus comhar leis an nGraonlainn a rialáil: deiseanna iascaireachta, gabhálacha de thaisme, comhar eolaíoch, faireachán, rialú, faireachas, criosanna iascaireachta, breathnóirí, etc.

Is é cineál sonrach an chomhaontaithe go ndéantar gabhálacha a rialáil le deiseanna iascaireachta a shocraítear go bliantúil. Is cúis imní don Rapóirtéir, i gcás roinnt de na speicis a bhfuiltear ag díriú orthu, go sáraíonn TACanna na teorainneacha a leagtar síos leis an gcomhairle eolaíoch, de réir na meastóireachta *ex post*. Na cásanna sin ina gcruthaíodh go raibh ró-iascach á dhéanamh, nó an neamhchinnteacht a bhaineann le heaspa sonraí, is bagairt iad do líon na n-iasc agus d'inbhuanaitheacht an iascaigh, amhail i gcás shéacla an Tuaiscirt Thoir. Tá laghdú ar roinnt deiseanna iascaireachta táscacha dá bharr sin. Tá an dara rud ar a bhfuiltear ag

díriú nasctha leis an ngá atá le sonraí breise maidir le spriocspeicis agus éiceachórais mhuirí.

Glacfar clársceidealú na tacaíochta earnála laistigh de 3 mhí ó chur chun feidhme an Phrótacail. Thacaigh tacaíocht earnála le blianta beaga anuas le taighde agus meastóireachtaí eolaíocha, riarachán iascaigh na Graonlainne, rialú, agus iascach chósta ar mionscála freisin. Tugadh measúnú dearfach sa mheastóireacht ar an bprótacal is déanaí;

Torthaí agus moltaí

Meabhraíonn an Rapóirtéir a thábhachtaí atá CCII agus an caidreamh iascaigh idir an Ghraonlainn agus an tAontas, i gcomhthéacs an teannais taidhleoireachta reatha leis na Stáit Aontaithe agus na géarchéime aeráide san Artach. Leis an gComhaontú Iascaigh, cuirtear tacaíocht ar fáil, trína thacaíocht earnála, ar díol sásaimh í do na húdaráis agus do go leor gníomhaithe sochaí sibhialta sa Ghraonlainn. Is rud dearfach é an méadú ar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, ar mhéid na tacaíochta earnála agus ar na táillí a íocann longúinéirí.

Iarrann an Rapóirtéir ar an Aontas tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do phobail iascaireachta chósta, agus cearta na bpobal dúchasach agus Treoirlínte FAO maidir le hIascaigh ar Mionscála á n-urramú ag an am céanna. Ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach sa chomhaontú freisin, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Is rud dearfach í freisin an tacaíocht a thugann an tAontas do rialú, don chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN, do bhailiú sonraí agus do thaighde eolaíoch.

Leagann an rapóirtéir béim ar na dúshláin chomhshaoil a bhaineann leis an gcomhaontú. Tá sé ríthábhachtach, mar a d'iarr an Pharlaimint cheana féin in 2021, leanúint de na hiarrachtaí sonraí a bhailiú agus comhrac i gcoinne na ró-iascaigh, tar éis comhairle eolaíoch a fháil maidir le TACanna a shocrú sa Ghraonlainn agus deiseanna iascaigh bliantúla a leithdháileadh ar an Aontas. Cé go ndéanann an tAontas iascach ar chainníochtaí níos lú éisc, ní mór dó cloí le prionsabal an réamhchúraim. Tá amhras ann faoin sainmhíniú ar bharrachas amhrasach i gcásanna áirithe. Bíonn tionchar ag an iascach a dhéanann soithí an Aontais ar éiceachórais ghrinneall na farraige freisin agus ba cheart díriú ar éiceachórais mhuirí leochaileacha a shainaithint agus a chosaint, le tacaíocht ón earnáil.

Ar deireadh, iarrann an rapóirtéir go gcuirfí an comhaontú iascaigh sin i gcomhthéacs rialachas réigiúnach iascaigh. Fágann na malartuithe cuótaí go bhfuil dlúthnasc tar éis Brexit idir an caidreamh le tíortha cósta, lena n-áirítear an Iorua, agus an comhaontú. Ní mór don Aontas agus don Ghraonlainn feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an trédhearcacht laistigh de ERBInna agus de chomhaontuithe stát cósta. Ar bhonn níos leithne, ní mór don Aontas speicis agus an mhuirthimpeallacht san Artach a chosaint tuilleadh.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Toscaireacht na Fraince chuig an Aontas Eorpach
Toscaireacht na Gearmáine chuig an Aontas Eorpach
Toscaireacht na Danmhairge chuig an Aontas Eorpach
Aireacht Iascaigh na Graonlainne
Oceana
Europêche
AS MARE (an Coimisiún)

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin